PLANNING & DEVELOPMENT ACT 2000 (AS AMENDED)
PLANNING AND DEVELOPMENT REGULATIONS 2001 (AS AMENDED)
PART 8 PUBLIC NOTICE

Pursuant to the requirements of the above, notice is hereby given of the proposal to construct the following development by South Dublin County Council:
PROPOSED TALLAGHT VILLAGE ENHANCEMENT SCHEME IN THE TOWNLAND OF TALLAGHT

Pursuant to the requirements of the above, South Dublin County Council hereby give notice to construct the following development in the Tallaght area of South Dublin, including Old Blessington Road, Old Bawn Road, Tallaght Main Street, old Greenhills Road and Greenhills Road.

The proposed development would consist of the following:

- Upgrading and realignment of the existing footpath/walkway
- Public realm improvement works in Tallaght Village; including traffic calming, provision of cycle facilities, footpath upgrade, crossing improvements, and realignment of road including reduced carriageway width and reduced corner radii and junction improvements (as required).
- Provision of new pedestrian crossings along Main Street, including signal-controlled crossings at the junctions at the entrances to Main Street, with tactile paving and accessible kerb details.
- Provision of public lighting & CCTV (as required)
- Enhancement and enlargement of public realm space, including a new plaza with a pergola, seating and shade planting.
- Reconfiguration of on-street parking, including relocation of parking bays, provision of accessible parking bays, EV Charging and loading bays.
- New entry detail on approaches to the village
- Removal of street clutter and minimisation of signage
- Landscaping, including tree planting, planting beds and sustainable drainage (SuDS) features for surface water management and biodiversity.
- New street furniture, such as seating, planters, litter bins, EV Infrastructure, bicycle stands, advertising panels and bus shelters etc.
- Teen space with the focus on natural measures
- Introduction of a bus gate on Main Street, with associated signage, road markings and changes to permitted traffic movements.
- Heritage and interpretation works, including plaques, heritage interpretation features, and a buffer zone and conservation repair works to the boundary wall of St Mary's Priory (a protected structure)
- Street Art such as murals, sculptures, light installations, eco-art etc.
- All ancillary works and other services

The proposal has undergone Appropriate Assessment Screening under the Habitats Directive (92/43/EEC) and screening for Environmental Impact Assessment under the EIA Directive 2011/92/EU, as amended by Directive 2014/52/EU. The authority has concluded

that there is no real likelihood of significant effects on the environment arising from the proposed development and a determination have been made that an Environmental Impact Assessment Report (EIAR) is not required. The authority has also made a determination under Article 6(3) that the proposed development, either individually or in combination with other plans and projects, is not likely to have a significant effect on any European site(s). Any person may, within 4 weeks from the date of publication of this notice, apply to An Coimisiún Pleanála for a screening determination as to whether the development would be likely to have significant effects on the environment.

The plans and particulars of the proposed development are available for inspection online on the Council's Public Consultation Portal website (http://consult.sdublincoco.ie) during the period from **10th November 2026 to 22nd December 2026.**
Printed plans and particulars will be available for inspection or purchase at a fee not exceeding the reasonable cost of making a copy at County Hall, Tallaght, Dublin 24 during office hours from **10th November 2026 to 8th December 2026.**
Submissions or observations with respect to the proposed development dealing with the proper planning and sustainable development of the area in which the proposed development will be situated may be made in writing up to
6.00pm on 22nd December 2026
and may be submitted either via:
Online: https://consult.sdublincoco.ie/browse
or
Post to: Senior Executive Officer, Planning and Transport Department, South Dublin County Council, County Hall, Tallaght, Dublin D24 A3XC

NOTE: Please make your submission by one medium only. All submissions should include your name and a contact address. It should be noted that the Freedom of Information Act, 1997-2006 (as amended) applies to all records held by South Dublin County Council.

South Dublin County Council's Personal Data Privacy Statements can be viewed at www.sdcc.ie and all personal data will be retained in line with statutory requirements.

Director of Planning and Transport, South Dublin County Council.
Date of Public Notice: 10th November 2026

AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ)
NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2001 (ARNA LEASÚ)
CUID 8 FÓGRA POIBLÍ

De bhun cheanglais na reachtaíochta thuas, tugtar fógra leis seo maidir leis an togra chun an fhorbairt seo a leanas de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas a thógáil:
SCÉIM FEABHSÚCHÁIN SHRÁIDBHAILE THAMHLACHTA ATÁ BEARTAITHE I mBAILE FEARAINN THAMHLACHTA

De bhun na riachtanas thuas, tugann Comhairle Contae Átha Cliath Theas fógra leis seo chun an fhorbairt seo a leanas a thógáil i gceantar Thamhlachta i mBaile Átha Cliath Theas, lena n-áirítear Seanbhóthar Bhaile Coimín, Bóthar an tSeanbhábhúin, Príomhshráid Thamhlachta, Seanbhóthar na nGlaschnoc agus Bóthar na nGlaschnoc.

Bheadh an méid seo a leanas i gceist leis an bhforbraíocht bheartaithe:

- Uasghrádú agus athailíniú an chosáin/an tsiúlbhealaigh reatha
- Oibreacha feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí i Sráidbhaile Thamhlachta; lena n-áirítear maolú tráchta, soláthar saoráidí rothaíochta, uasghrádú na gcosán, feabhsuithe trasrianta agus athailíniú na mbóithre lena n-áirítear laghdú ar leithead an charrbhealaigh agus laghdú ar raonta na gcoirnéal agus feabhsuithe acomhal (de réir mar is gá).
- Trasrianta coisithe nua a chur ar fáil feadh na Príomhshráide, lena n-áirítear trasrianta rialaithe le comharthaí ag na hacomhail ag na bealaí isteach chuig an bPríomhshráid, le pábháil thadhlach agus sonraí colbha inrochtana.
- Soilsiú poiblí agus TCI a chur ar fáil (de réir mar is gá)
- Feabhsú agus méadú ar ríocht phoiblí, lena n-áirítear plás nua ina bhfuil peargóla, suíocháin agus plandú faoi scáth le fáil.
- Athchumrú na páirceála ar an tsráid, lena n-áirítear athlonnú bánna páirceála, soláthar bánna páirceála inrochtana, bánna lódála agus luchtaithe feithiclí leictreacha.
- Mionghné nua leis na bealaí isteach chuig an sráidbhaile
- Tranglam sráide a bhaint agus comharthaíocht a íoslaghdú
- Tírdhreachú, lena n-áirítear plandú crann, ceapacha plandaithe agus gnéithe draenála inbhuanaithe (SuDS) le haghaidh bainistiú uisce dromchla agus bithéagsúlachta.
- Troscán sráide nua, amhail suíocháin, soithí plandaí, boscaí bruscair, bonneagar feithiclí leictreacha, seastáin rothair, painéil fógraíochta agus scáthláin bus etc.
- Spásanna do dhéagóirí a bhfuil béim iontu ar bhearta nádúrtha
- Geata bus a thabhairt isteach ar an bPríomhshráid, mar aon leis na comharthaí, na marcanna bóthair agus athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta ceadaithe.
- Oibreacha oidhreachta agus léirmhínithe, lena n-áirítear plaiceanna, gnéithe léirmhínithe oidhreachta, agus crios maolánach agus oibreacha deisiúcháin caomhnaithe ar bhalla teorann Phrióireacht Naomh Muire (struchtúr faoi chosaint)
- Ealaín sráide amhail múrphictiúir, dealbha, suiteálacha solais, ealaín éiceolaíoch etc.
- Na hoibreacha coimhdeacha uile agus seirbhísí eile

Rinneadh Scagadh Measúnachta Cuí ar an moladh faoin Treoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) agus scagadh do Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Threoir MTT 2011/92/AE, arna leasú ag Treoir 2014/52/AE. Is é tuairim an údaráis ná gur beag seans go mbeidh tionchar suntasach ar an timpeallacht de bharr na forbraíochta beartaithe agus rinneadh cinneadh nach bhfuil aon ghá le Tuarascáil um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) a chur i gcrích. Chomh maith leis sin, tá cinneadh déanta ag an údarás faoi Airteagal 6(3) nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbraíocht bheartaithe, ar bhonn aonair ná in éineacht le pleananna agus tionscadail eile, ar láithreá(i)n Eorpach(a) ar bith. Is féidir le haon duine, laistigh de 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún Pleanála ar chinneadh scagtha i dtaobh an dócha go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbraíocht ar an gcomhshaol.

Tá pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe ar fáil le hiniúchadh a dhéanamh orthu ar líne ar shuíomh gréasáin Thairseach Comhairliúcháin Phoiblí na Comhairle (http://consult.sdublincoco.ie) le linn na tréimhse ón **10 Samhain 2026 go dtí an 22 Nollaig 2026.**
Beidh pleananna agus sonraí priontáilte ar fáil lena n-iniúchadh nó lena gceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ag Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, le linn uaireanta oifige ón **10 Samhain 2026 go dtí an 8 Nollaig 2026.**
Féadfar aighneachtaí nó tuairimí maidir leis an bhforbairt bheartaithe, i ndáil le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeidh an fhorbairt bheartaithe suite, a dhéanamh i scríbhinn roimh
6.00pm an 22 Nollaig 2026
agus féadfar iad a chur isteach ar na bealaí a leanas:
Ar líne: https://consult.sdublincoco.ie/browse
nó
Sa phost chuig an duine seo a leanas: Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, An Roinn Pleanála agus Iompair, Comhairle Contae Átha Cliath Theas Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, D24 A3XC.

TABHAIR FAOI DEARA: Níor chóir d'aighneacht a dhéanamh ach ar bhealach amháin. Ba cheart go gcuimseofaí leis na haighneachtaí ar fad d'ainm agus seoladh teagmhála. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997-2006 (arna leasú) maidir leis na taifid uile atá i seilbh Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.

Is féidir breathnú ar na Ráitis Phríobháideachais um Shonraí Pearsanta de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ar www.sdcc.ie agus coinneofar na sonraí pearsanta ar fad de réir na gceanglas reachtúil.

An Stiúrthóir Pleanála agus Iompair, Comhairle Contae Átha Cliath Theas.
Dáta an Fhógra Phoiblí: 10 Samhain 2026